INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR, 2021

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar chúrsaí ríomhaireachta, scríobh litir chuig an mBainisteoir, An Comhar Creidmheasa i do cheantar ag lorg deontais chun ríomhairí nua a cheannach don scoil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an mBainisteoir, An Chomhairle Contae, ag gearán faoin gcinneadh atá déanta na soilse tráchta in aice le geata na scoile a thógáil anuas.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Now, children! Stand in the line please.
(b) Clean your shoes, Pól and on you go!
(c) Here are the keys for you, Eoghan.
(d) Children! Put your bags under the tables.
(e) Is that answer right or wrong?
(f) Cormac! You were absent yesterday. Do you have a note?
(g) Now, children! You may eat your lunch.
(h) Ciara! Take out your library book and read it.
(i) Aisling! Did you see what happened?
(j) Why are you crying, Diarmaid?

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Aisling. Are you in a hurry?
Teacher: I'm on my way out to the yard to collect my class.
Principal: I'll walk out with you. We can be talking.
Teacher: Is everything alright?
Principal: Yes, everything is perfect. I want to speak to you about Seachtain na Gaeilge.
Teacher: I must say that I was very happy with it.
Principal: It was wonderful. I want to thank you for all the work you did organizing it.
Teacher: Well! Everybody made a great effort.
Principal: Yes, they did, both children and teachers, but you especially.
Teacher: Thank you very much. It was great to her Gaeilge being spoken by everyone. The Céilí was great, wasn't it?

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A pháistí! Ná (cuir) _____ bhur mbróga ar an mbord.
2. A Phóil! (Déan) _____ an píosa scríbhneoireachta anois.
3. Níor (dáil) _____ an múinteoir na cóipleabhair amach inné.
4. Ní (pioc: sé) _____ an fhoireann amárach.
5. An (faigh: tú) _____ an cárta a chuir mé chugat inné?
6. (Dúisigh: sí) _____ ar a sé a chlog, dá gcuirfeadh sí an t-aláram ar siúl.
7. An (feic: tú) _____ do mháthair gach lá?
8. Nach (dathaigh: sibh) _____ na pictiúir amárach?
9. (Roghnaigh) _____ Rónán na milseáin sin gach Satharn.
10. Dá mbeadh an ghrian ag taitneamh, (ól: sé) _____ deoch shúilíneach.
11. (Ordaigh: sí) _____ na téacsleabhair amárach.
12. (Ceannaigh) _____ go leor pióg ag an díolachán cácaí amárach.
13. (Tabhair) _____ bualadh bos mór do na páistí tar éis na ceolchoirme inné.
14. Deir Tomás (siúlann)_____ sé gach lá.
15. Dúirt Róisín (déanfaidh) _____ sí an póstaer amach amárach.
16. Dúirt Rónán (níor ghabh) _____ sé buíochas leis an rang inné.
17. Is breá léi a bheith ag (imir) _____ camógaíochta.
18. Tá na húlla go léir (cruinnigh) _____ ón úllord sin.
19. Dá (buail: siad) _____ le Micheál Ó Máirtín, labhróidís leis as Gaeilge.
20. Má (clois: tú) _____ aon rud faoin scoil nua, an gcuirfidh tú téacs chugam?

An Chopail:

21. Is (Príomhoidí) _____ iad Siobhán agus Eoin.
22. Nach (í) _____ Bairbre máthair Nóra?
23. Ba (gruagaire) _____ í Sinéad.
24. Nárbh (é) _____ Tadhg bainisteoir na foirne sinsearaí?

An tAinmfhocal

25. Bíonn an (am [fir.])_____ sin den bhliain go hálainn.

26. Tá an (bialann [bain.]) _____ sin dúnta anois.

27. Thug sé an nóta (do: an: múinteoir) _____.
28. I lár an chluiche, labhair an réiteoir leis na (imreoirí) _____.
29. Dhreap siad go barr (an sliabh) _____.
30. Tá Aisling ina suí i gcathaoir (an fiaclóir) _____.
31. Is breá liom dathanna (na duilleoga) _____ san fhómhar.
32. Bhain Caitríona an chéad áit amach i gcomórtas (na cailíní) _____.

An Aidiacht

33. Tá Ciarán (níos: cairdiúil) _____ ná a dheartháir.
34. Is é seo an gúna is (álainn) _____.

An Aidiacht Shealbhach

35. Táimid (in: ár: cónaí) _____ sa chathair.
36. Tá gruaig rua ar (mo: aintín) _____.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Cuireann na páistí fáilte mhór (roimh: í) _____ gach maidin.
38. Ar éirigh (le: tú) _____ na tuairiscí a chríochnú?

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. Bhí an coinín thíos faoin talamh ar dtús ach tháinig sé _____ ansin agus chonaic na páistí é.

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá bláthanna buí ag fás _____ sa ghairdín.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 1: _____.
42. Cé mhéad (páiste) _____ a bheidh ag teacht ar an turas?
43. Beidh Seán sa Tríú (Bliain) _____ i Mí Mheán Fómhair.
44. Tá beirt (fear) _____ ag obair ar an bhfoirgneamh sin.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa uatha den bhriathar ‘sábháil.’

_____.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an tríú pearsa iolra den bhriathar ‘litrigh.’

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘faigh.’

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘ag tabhairt.’

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘d’ólfaidís.’

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘íosfaidh sí.’

_____.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as 'An Beo' le Liam Ó Flaithearta foilsithe in *Dúil*, Sáirséal Ó Marcaigh, 1953, 1989, 38-40.

Nuair a bhí an páiste agus an mháthair cóirithe, tháinig an t-athair isteach sa seomra. Fear díreach láidir fós é, cé go raibh sé nach mór leathchéad bliain agus formhór a shaoil caite faoi throm-obair ag saothrú an talaimh. Nochtaigh sé a cheann nuair a shroich sé an leanbh.

"Go gcuire Dia rath air!" a deir sé.

Chuaigh sé sall go dtí an leaba, ansin.

"Buíochas le Dia!" a deir sé lena bhean. "Tá an méid sin thart."

Rinne sí meangadh beag gáire leis.

"Tá áthas orm," a deir sí, "gur mac a thug mé duit…"

"Go méadaí Dia thú!" a deir sé.

Thug an tseanbhean an leanbh go dtí an leaba agus leag sí ar bhrollach na máthar é.

"Seo agat anois," a deir sí, "an seoidín is nua i do theach."

D'imigh an brón den mháthair nuair a chuir sí a lámh timpeall ar cholainn bheag an naíonáin. Tháinig lúcháir uirthi nuair a chuala sí an croí nua ag bualadh. Bhris deor faoina súil agus tháinig ceangal ina scornach.

"Buíochas le Dia na Glóire!" a deir sí go dúthrachtach...

"Slán ó thinneas," a ghuigh an mháthair, "slán ón easpa, slán ón donas agus ón tubaiste, slán in anam agus corp!"

Tar éis tamaill ligeadh do na páistí eile teacht isteach sa seomra, le haithne a chur ar an deartháirín ba óige acu. Ní raibh láithreach ach seachtar clainne, idir nua agus sean… Chuir an t-iontas ag caint iad nuair a chonaic siad an naíonán. Sheas siad timpeall ar an leaba, greim láimhe acu ar a chéile agus a mbéil oscailte…

Nuair a cuireadh an leanbh faoi sa chliabhán cois na tine, bhí sé mar a bheadh rí ar an teach. Rinne na páistí go léir freastal air go toilteanach. Níorbh eol don leanbh go rabhthas ag cur comaoine dá laghad air. Níorbh eol dó faic na ngrást ach an t-aon dualgas amháin a thug sé leis ón mbroinn. Ba é sin an beo a bhí ina chorp a choimeád agus a neartú…

Ar dhúiseacht dó, bhéic sé go barbartha…B'éigean do na páistí eile bheith ag bogadh an chliabháin agus ag gabháil fhoinn dhó nó gur ghlac sé suaimhneas.

"Ó! Mo linbh! Mo linbh! Mo linbh!" a deiridís agus iad ag gabháil fhoinn dhó. "Ó! Mo linbh! Is tú grá geal mo chroí."

Buntuiscint:

1. Cén aois é an t-athair?
2. Cé a chuir an páiste ar bhrollach na máthar?
3. Cén dá rud a rinne na páistí eile chun an páiste nua a chiúnú?

Tuiscint liteartha:

4. Conas a mhothaigh an mháthair nuair a chuir sí a lámh timpeall ar a páiste nua?
5. Conas a léirigh na páistí eile go raibh ionadh orthu nuair a chonaic siad an páiste nua?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair <u>i d'fhocail féin</u> na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *Na Tógálaithe* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Maeve Binchy, aistrithe go Gaeilge ag Lorraine Ní Dhonnchú, New Island *Open Door*, 2007, 1-4.

Chuala Nan faoi na tógálaithe ón Uasal O'Brien. Bhí an tUasal O'Brien i gcónaí buartha faoi rudaí, bhí sé ina chónaí ag Uimhir Fiche a hOcht Bóthar na gCastán. Bhí Nan ina cónaí ag Uimhir a Ceathair Déag.

'Beidh sé go huafásach, a Bhean Ryan,' a dúirt sé léi. 'Beidh salachar agus torann agus gach saghas uafáis ann.'

Dúirt Nan léi féin go bhfaca an tUasal O'Brien locht ar gach rud. Ní éireodh sí trína chéile. Agus ar go leor bealaí, ba dheas an smaoineamh é go mbeadh an teach béal dorais ina bhaile arís. Bhí sé folamh le dhá bhliain ó d'imigh muintir White.

Smaoinigh sí ar cé a thiocfadh le cónaí ann. B'fhéidir go dtiocfadh teaghlach. Seans go dtabharfadh sí aire dá bpáistí. D'inseodh sí scéalta do na páistí agus shuífeadh sí ag tabhairt aire dóibh sa teach go dtiocfadh na tuismitheoirí abhaile.

Rinne a hiníon Jo gáire faoin smaoineamh go mbeadh teaghlach ina gcónaí i dteach a bhí chomh beag sin.

'A Mham, níl spás ann le dhá chat chun rince a dhéanamh ann,' arsa sí ina bealach an-chinnte. Nuair a labhair Jo, labhair sí le dánacht iontach. Bhí a fhios *aicise* cad a bhí ceart.

'Níl a fhios agam.' Bhí sé de dhánacht ag Nan easaontú léi. 'Tá gairdín deas slán aige ag an gcúl.'

'Tá, tá sé dhá mhéadar ar fhad agus dhá mhéadar ar leithead,' arsa Jo agus í ag gáire.

Ní dúirt Nan faic. Ní dúirt sí gur thóg sí triúr clainne i dteach den chineál céanna.

Bhí gach rud ar eolas ag Jo…Caithfidh go raibh an ceart ag Jo faoin teach béal dorais. Bhí sé róbheag do theaghlach.

B'fhéidir go dtiocfadh bean dheas dá haois féin. B'fhéidir go mbeadh an bhean ina cara léi. Nó b'fhéidir go dtiocfadh lánúin óg a chuaigh araon amach ag obair. B'fhéidir go dtógfadh Nan bearta isteach dóibh nó go ligfeadh sí isteach fear chun an méadar a léamh.

Ba é Bobby mac Nan, agus dúirt seisean gur cheart di bheith ag iarraidh ar Dhia nach dtiocfadh lánúin óg. Bheadh cóisirí acu gach oíche, chuirfidís as a meabhair í. Dúirt Bobby go n-éireodh sí bodhar…

Agus ba í Pat, an duine ab óige, an duine ba ghruama.

'Beidh Mam bodhar faoin am a dtagann siad. Beidh sí bodhar ón torann ar fad ón tógáil. Is é an rud is tábhachtaí a bheith cinnte go gcoinníonn siad claí an ghairdín ar an airde chéanna…Is ionann claíocha maithe agus comharsana maithe a deir siad.'

Buntuiscint:

1. Cén bóthar a raibh Nan ina cónaí air?
2. Dar le Jo, cén fáth nach dtiocfadh teaghlach chun cónaí a dhéanamh sa teach béal dorais?
3. Cén gaol a bhí ag Bobby le Nan?

Tuiscint liteartha:

4. Cén fáth nach raibh Nan chun a bheith buartha faoi na nithe a dúirt an tUasal O'Brien?
5. Dar le Pat, céard é an rud is tábhachtaí idir comharsana?

(10 marc)